



Ciorclán 0041/2019

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna, na Meánscoileanna,  
na bPobalscoileanna agus na Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta  
agus  
Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

**Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2013 – 2020 (Comhaontú Bhóthar  
Haddington/Comhaontú Bhóthar Lansdún) agus an tAcht um Pá agus Pinsin  
Seirbhíse Poiblí, 2017**

**TUARASTAIL ATHBHREITHNITHE MHÚINTEOIRÍ A mBEIDH ÉIFEACHT LEO ÓN 1  
MEÁN FÓMHAIR 2019**

1. Is mian leis an Aire Oideachais agus Scileanna Údaráis Bhainistíochta agus Múinteoirí a chur ar an eolas faoi na rátaí athbhreithnithe tuarastail do Mhúinteoirí a mbeidh éifeacht leo ón 1 Meán Fómhair 2019.
2. Tugadh na rátaí athbhreithnithe tuarastail isteach mar thoradh ar Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2013 – 2020 (Comhaontú Bhóthar Haddington/Comhaontú Bhóthar Lansdún) agus ar an Acht um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017.

**Tuarastail a Athbhunú le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2019**

3. Faoi théarmaí Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2018 – 2020, déanfar tuarastail bhliantúla lánaimseartha ar an mbunscála a mhéadú faoi 1.75% le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2019.
4. Tá na scálaí méadaithe pá a mbeidh éifeacht leo ón 1 Meán Fómhair 2019 leagtha amach in Aguisín 1 (a) agus (b). Tá na rátaí méadaithe in aghaidh an lae/na huairé a mbeidh éifeacht leo ón 1 Meán Fómhair 2019 do mhúinteoirí ócáideacha páirtaimseartha leagtha amach in Aguisín 2.
5. Le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2019, glacfaidh téarmaí an Chiorcláin seo áit gach scála tuarastail agus gach ráta in aghaidh an lae/na huairé ab iníoctha le múinteoirí ócáideacha agus neamhócáideacha, mar a bhí leagtha amach i gCiorcláin roimhe seo.

**Liúntais**

6. Maidir le liúntais a ríomhtar mar chéatadán sonracha nó mar sciar sonracha den bhunphá,

déanfar iad a athríomh trí thagairt a dhéanamh do na rátaí athbhreithnithe pá a mbeidh éifeacht leo ón 1 Meán Fómhair 2019.

7. Ní dhéanfar aon difear do liúntais sheasta. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur cuireadh deireadh le liúntais áirithe do thairbhíthe nua le héifeacht ón 1 Feabhra 2012. Cé go bhfuil siad luaite sna scálaí pá atá i gceangal leis seo, ba cheart a thabhairt faoi deara nach mbeidh ball foirne i dteideal an liúntas a fháil go fóill i gcás nach raibh sé/sí i dteideal an liúntas a fháil cheana féin.
8. Tá liúntais cháilíochta do mhúinteoirí a thosaigh ag teagasc idir an 1 Eanáir 2011 agus an 31 Eanáir 2012 leagtha amach in Aguisín 1 (c) chun críocha faisnéise.
9. Tá liúntais cháilíochta do mhúinteoirí a thosaigh ag teagasc roimh an 1 Eanáir 2011 leagtha amach in Aguisín 1 (d) chun críocha faisnéise.

### **Rialuithe Feabhsaithe i dtaca le Téarmaí agus Coinníollacha Fostaíochta a bhfuil éifeacht leo ón 30 Samhain 2015 - Ró-íocaíochtaí a Aisghabháil**

10. Meabhraítear d'fhostóirí gur leasaíodh an tAcht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2011, faoin Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2015 chun rialuithe feabhsaithe a thabhairt isteach i dtaca le téarmaí agus coinníollacha fostaíochta a comhaontaíodh idir seirbhísigh phoiblí agus a bhfostóirí is comhlachtaí seirbhíse poiblí le héifeacht ón 30 Samhain 2015. Tá na hailt ábhartha den Acht leagtha amach in Aguisín 3. Déileálfar le ró-íocaíochtaí de réir na gCiorclán ábhartha ón Roinn.

### **Scaipeadh agus Ceisteanna**

11. Cinntigh go dtabharfar cóipeanna den Chiorclán seo do gach comhalta den Bhord Bainistíochta/den Bhord Oideachais agus Oiliúna agus go dtarraingeofar aird na múinteoirí uile atá fostaithe agat ar a bhfuil ann, lena n-áirítear iad sin atá as láthair le cead.
13. Is féidir teacht ar an gCiorclán seo ar shuíomh Gréasáin na Roinne ag [www.education.ie](http://www.education.ie)
14. Ba cheart ceisteanna maidir leis an gCiorclán seo a sheoladh trí ríomhphost chuig:
  - Múinteoirí Bunscoile: [primtch\\_payroll@education.gov.ie](mailto:primtch_payroll@education.gov.ie)
  - Múinteoirí Iar-Bhunscoile: [ppppayroll@education.gov.ie](mailto:ppppayroll@education.gov.ie)
  - Múinteoirí Iar-Bhunscoile atá fostaithe ag Boird Oideachais agus Oiliúna: an Rannóg ábhartha Acmhainní Daonna

Tara Carton  
Aonad Caidrimh na Foirne Seachtraí  
01 Lúnasa 2019

Padraig Maloney  
An Rannóg Párolla

## **AGUISÍN 1**

- (a) An scála athbhreithnithe tuarastail bhreisíoch do mhúinteoirí **a thosaigh ag teagasc roimh an 1 Eanáir 2011**, ar scála é a mbeidh éifeacht leis ón 1 Meán Fómhair 2019. Leanfar le liúntais cháilíochta a foc leis an gcohort múinteoirí seo, de réir mar is cuí.

<b>An scála athbhreithnithe a mbeidh éifeacht leis ón 1 Meán Fómhair 2019 do mhúinteoirí a thosaigh ag teagasc roimh an 1 Eanáir 2011</b>	
<b>Pointe</b>	<b>€</b>
1	€35,088
2	€35,876
3	€36,985
4	€38,098
5	€39,823
6	€40,942
7	€42,059
8	€44,873
9	€46,278
10	€47,958
11	€49,629
12	€51,312
13	€52,720
14	€54,584
15	€54,584
16	€54,584
17	€57,154
18	€57,154
19	€57,154
20	€57,154
21	€60,550
22	€60,550
23	€60,550
24	€60,550
25	€64,302

\* Cuirtear ar áireamh sa scála seo an méadú 1.75% ar thuarastail bhliantúla lánaimseartha ar an mbunscála. Beidh éifeacht leis an méadú sin ón 1 Meán Fómhair 2019, mar a fhoráiltear dó faoi théarmaí Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2018 – 2020

- (b) An scála athbhreithnithe tuarastail bhreisíoch do mhúinteoirí **a thosaigh ag teagasc an 1 Eanáir 2011 nó ina dhiaidh**, ar scála é a mbeidh éifeacht leis ón 1 Meán Fómhair 2019.

<b>An scála athbhreithnithe a mbeidh éifeacht leis ón 1 Meán Fómhair 2019</b>	
<b>dóibh siúd a ceapadh an 1 Eanáir 2011 nó ina dhiaidh</b>	
<b>Pointe</b>	<b>€</b>
1	€36,953
2	€38,466
3	€40,192
4	€40,981
5	€42,090
6	€43,431
7	€44,935
8	€46,451
9	€47,717
10	€49,978
11	€51,383
12	€53,062
13	€54,733
14	€56,417
15	€57,824
16	€59,688
17	€59,688
18	€59,688
19	€62,259
20	€62,259
21	€62,259
22	€62,259
23	€65,655
24	€65,655
25	€65,655
26	€65,655
27	€69,407

\* Cuirtear ar áireamh sa scála seo an méadú 1.75% ar thuarastail bhliantúla lánaimseartha ar an mbunscála. Beidh éifeacht leis an méadú sin ón 1 Meán Fómhair 2019, mar a fhoráiltear dó faoi théarmaí Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2018 – 2020. Cuirtear ar áireamh sa scála freisin an liúntas i leith Bunchéim Onóracha, de réir an chomhaontaithe ar thángthas air i mí Mheán Fómhair 2016 maidir le pá múinteoirí nua

\*\* Is féidir go mbeidh liúntais cháilíochta bhreise iníoctha leo siúd a thosaigh ag teagasc idir an 1 Eanáir 2011 agus an 31 Eanáir 2012, mar atá leagtha amach i míreanna 8-9 agus in Aguisín 1 (c) den Chiorclán seo. Mar a tharla roimhe seo, níl liúntais cháilíochta iníoctha le haon tairbhíthe nua ón 1 Feabhra 2012 amach (seachas an Liúntas i leith Bunchéim Onóracha a chur ar áireamh sa scála ón 1 Meán Fómhair 2019 amach).

- (c) Liúntais Cháilíochta a mbeidh éifeacht leo ón 1 Meán Fómhair 2019 dóibh siúd a thosaigh ag teagasc idir an 1 Eanáir 2011 agus an 31 Eanáir 2012**  
(is chun críocha faisnéise amháin a chuirtear an tábla seo ar áireamh anseo – ní dhéanfar le téarmaí an Chiorcláin seo aon difear do na rátaí is iníoctha leis an gcohort seo faoi láthair)

<b>CÁILÍOCHTAÍ ACADÚLA</b>	<b>Rátaí a mbeidh éifeacht leo ón 1 Meán Fómhair 2019 dóibh siúd a thosaigh ag teagasc idir an 1 Eanáir 2011 agus an 31 Eanáir 2012</b>
(a) (i) Ard-Diplóma san Oideachas (Pas)	€ 591
(ii) Ard-Teastas Froebel	€ 591
(b) (i) Ard-Diplóma san Oideachas (Onóracha den Chéad Ghrád nó den Dara Grád)	€ 1,236
(ii) Ard-Teastas Gaeilge	€ 1,236
(c) Bunchéim (Pas)	Ní bheidh an liúntas seo iníoctha a thuilleadh toisc go bhfuil an liúntas i leith Bunchéim Onóracha ar áireamh sa scála athbhreithnithe tuarastail
(d) Céim Máistreachta a gnóthaíodh trí thráchtas nó trí scrúdú (Pas)	Ní bheidh an liúntas seo iníoctha a thuilleadh toisc go bhfuil an liúntas i leith Bunchéim Onóracha ar áireamh sa scála athbhreithnithe tuarastail
(e) Bunchéim (Onóracha den Chéad Ghrád nó den Dara Grád)	Ní bheidh an liúntas seo iníoctha a thuilleadh toisc go bhfuil an liúntas i leith Bunchéim Onóracha ar áireamh sa scála athbhreithnithe tuarastail
(f) Céim Máistreachta (Onóracha den Chéad Ghrád nó den Dara Grád)	€ 578
(g) Céim Dochtúireachta	€ 1,222

Ní fhéadfar ach ceann amháin de na liúntais atá luaite i bpointí (a) nó (b) a shealbhú le ceann amháin de na liúntais atá luaite i bpointí (f) nó (g)

Mar a tharla roimhe seo, níl liúntais cháilíochta iníoctha le haon tairbhíthe nua ón 1 Feabhra 2012 amach

**(d) Liúntais Cháilíochta dóibh siúd a thosaigh ag teagasc roimh an 1 Eanáir 2011**

(is chun críocha faisnéise amháin a chuirtear an tábla seo ar áireamh anseo – ní dhéanfar le téarmaí an Chiorcláin seo aon difear do na rátaí is iniúchta leis an gcohort seo faoi láthair)

<b>CÁILÍOCHTAÍ ACADÚLA</b>	<b>Rátaí dóibh siúd a thosaigh ag teagasc roimh an mbliain 2011</b>
(a) (i) Ard-Diplóma san Oideachas (Pas)	€ 591
(ii) Ard-Teastas Froebel	€ 591
(b) (i) Ard-Diplóma san Oideachas (Onóracha den Chéad Ghrád nó den Dara Grád)	€ 1,236
(ii) Ard-Teastas Gaeilge	€ 1,236
(c) Bunchéim (Pas)	€ 1,842
(d) Céim Máistreachta a gnóthaíodh trí thráchtas nó trí scrúdú (Pas)	€ 4,918
(e) Bunchéim (Onóracha den Chéad Ghrád nó den Dara Grád)	€ 4,918
(f) Céim Máistreachta (Onóracha den Chéad Ghrád nó den Dara Grád)	€ 5,496
(g) Céim Dochtúireachta	€ 6,140

Ní fhéadfar ach ceann amháin de na liúntais atá luaite i bpointí (a) nó (b) a shealbhú le ceann amháin de na liúntais atá luaite i bpointí (c) go (g) Níl liúntais cháilíochta iniúchta le haon tairbhithe nua ón 1 Feabhra 2012 amach.

## AGUISÍN 2

(a) **MÚINTEOIRÍ BUNSCOILE:** Rátaí athbhreithnithe in aghaidh an lae/na huaire a mbeidh éifeacht leo ón 1 Meán Fómhair 2019 do mhúinteoirí bunscoile páirtaimseartha agus ionaid a thosaigh ag teagasc roimh an 1 Eanáir 2011

<b>Catagóir</b>	<b>Ráta Leanúnach ón 1/09/19</b>	<b>Luach na Saoire Bliantúla Reachtúla a Charnfar in aghaidh an Lae/na hUaire a Oibreofar ón 1/09/19</b>
Ráta in aghaidh an lae do mhúinteoirí cáilithe ócáideacha	190.86	23.59
Ráta in aghaidh an lae do mhúinteoirí neamhcháilithe	130.54	16.13
Ráta in aghaidh na huaire do mhúinteoirí cáilithe	38.17	4.72
Ráta in aghaidh na huaire do mhúinteoirí neamhcháilithe atá ar an bPárolla	30.51	3.77
Ráta in aghaidh na huaire do mhúinteoirí neamhcháilithe ionaid	26.11	3.23

(b) **MÚINTEOIRÍ BUNSCOILE:** Rátaí athbhreithnithe in aghaidh an lae/na huaire a mbeidh éifeacht leo ón 1 Meán Fómhair 2019 do mhúinteoirí bunscoile páirtaimseartha agus ionaid a thosaigh ag teagasc an 1 Eanáir 2011 nó ina dhiaidh:

<b>Catagóir</b>	<b>Ráta Leanúnach ón 1/09/19</b>	<b>Luach na Saoire Bliantúla Reachtúla a Charnfar in aghaidh an Lae/na hUaire a Oibreofar ón 1/09/19</b>
Ráta in aghaidh an lae do mhúinteoirí cáilithe ócáideacha	170.55	21.08
Ráta in aghaidh an lae do mhúinteoirí neamhcháilithe	130.54	16.13
Ráta in aghaidh na huaire do mhúinteoirí cáilithe	34.11	4.22

Ráta in aghaidh na huairé do mhúinteoirí neamhcháilithe atá ar an bPárolla	30.51	3.77
Ráta in aghaidh na huairé do mhúinteoirí neamhcháilithe ionaid	26.11	3.23

**(c) MÚINTEOIRÍ BUNSCOILE: An Ráta Bliantúil do Mhúinteoirí Neamhcháilithe**

Catagóir	Múinteoirí a thosaigh ag teagasc roimh an mbliain 2011	Múinteoirí a thosaigh ag teagasc ón mbliain 2011 amach
Ráta Bliantúil do Mhúinteoirí Bunscoile Neamhcháilithe	31,366	31,366

**(d) MÚINTEOIRÍ IAR-BHUNSCOILE: Rátaí athbhreithnithe in aghaidh na huairé a mbeidh éifeacht leo ón 1 Meán Fómhair 2019 do mhúinteoirí iar-bhunscoile ócáideacha páirtaimseartha a thosaigh ag teagasc roimh an 1 Eanáir 2011:**

Catagóir	Ráta Leanúnach ón 1/09/19	Luach na Saoire Bliantúla Reachtúla a Charnfar in aghaidh na hUaire a Oibreofar ón 1/09/19
Ráta in aghaidh na huairé do mhúinteoirí cáilithe ócáideacha	45.09	6.15
Ráta in aghaidh na huairé do mhúinteoirí neamhcháilithe	39.99	5.45

**(e) MÚINTEOIRÍ IAR-BHUNSCOILE: Rátaí athbhreithnithe in aghaidh na huairé a mbeidh éifeacht leo ón 1 Meán Fómhair 2019 do mhúinteoirí iar-bhunscoile ócáideacha páirtaimseartha a thosaigh ag teagasc an 1 Eanáir 2011 nó ina dhiaidh:**

Catagóir	Ráta Leanúnach ón 1/09/19	Luach na Saoire Bliantúla Reachtúla a Charnfar in aghaidh na hUaire a Oibreofar ón 1/09/19
----------	---------------------------	--



Ráta in aghaidh na huaire do mhúinteoirí cáilithe ócáideacha	40.53	5.53
Ráta in aghaidh na huaire do mhúinteoirí neamhcháilithe	35.99	4.91

### **AGUISÍN 3**

#### **Alt 12 den Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2015**

Leasú ar an Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2011

Leasaítear an tAcht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2011, tríd an alt seo a leanas a chur isteach tar éis alt 16:

“Téarmaí agus coinníollacha seirbhíseach poiblí a rialú

16A. (1) I gcás—

(a) go ndéanfaidh an tAire téarma nó coinníoll a cheadú mar théarma nó coinníoll a mbeidh feidhm aige de thuras na huaire i leith fhostaíocht aon aicme nó aon chatagóire de sheirbhíseach poiblí (cibé acu a bheidh an ceadú sin i bhfoirm ceadaithe, i bhfoirm aon chineáil eile cheada nó i bhfoirm toiliú a bheith á thabhairt ag an Aire le haghaidh cinneadh ó dhuine eile sa ní), agus

(b) go rachfar isteach i gconradh fostaíochta i leith seirbhíseach poiblí a thagann faoin aicme nó faoin gcatagóir sin, ar conradh é ina bhfuil téarma nó coinníoll a chomhfhreagraíonn don téarma nó don choinníoll arna cheadú, nó atá coibhéiseach leis an téarma nó leis an gcoinníoll arna cheadú, ach atá níos fabhraí don seirbhíseach poiblí ná an téarma nó an coinníoll sin,

beidh feidhm ag an gconradh amhail is dá ndéanfaí an téarma nó an coinníoll arna cheadú (dá dtagraítear ‘an téarma nó an coinníoll ceadaithe’ i bhfo-ailt (2) agus (3)) a chur in ionad an téarma nó an choinníll chéadluaite i mír (b) (dá dtagraítear ‘an téarma nó an coinníoll neamhcheadaithe’ i bhfo-ailt (2) agus (3)).

(2) Aon mhéid a íocfar leis an seirbhíseach poiblí lena mbaineann i gcomhlíonadh airbheartaithe an téarma nó an choinníll neamhcheadaithe ar mó é ná an méid is iníoctha leis an seirbhíseach poiblí faoin téarma nó faoin gcoinníoll ceadaithe, tabharfar neamhaird air chun críocha aon teideal pinsin (lena n-áirítear teideal i leith cnapshuime nó teideal i leith íocaíochtaí tréimhsiúla pinsin) atá ag an seirbhíseach poiblí sin a ríomh.

(3) I gcás go n-íocfar méid leis an seirbhíseach poiblí lena mbaineann i gcomhlíonadh airbheartaithe an téarma nó an choinníll neamhcheadaithe ar mó é ná an méid is iníoctha leis an seirbhíseach poiblí faoin téarma nó faoin gcoinníoll ceadaithe—

(a) sealbhóidh an seirbhíseach poiblí an ró-íocaíocht ar iontaobhas don chomhlacht seirbhíseach poiblí, agus

(b) gnóthóidh an comhlacht seirbhíseach poiblí méid na ró-íocaíochta ón seirbhíseach poiblí, go díreach nó trí asbhaint arna tógáil as an luach saothair is iníoctha ina dhiaidh sin leis an seirbhíseach poiblí nó ar shlí eile.

(4) I gcás—

(a) go rachfar isteach i gconradh fostaíochta i leith seirbhíseach poiblí, agus

(b) go mbeidh sa chonradh téarma nó coinníoll i dtaca le luach saothair nach gcomhfhreagraíonn d’aon téarma nó d’aon choinníoll arna cheadú ag an Aire, nó nach bhfuil coibhéiseach le haon téarma nó le haon choinníoll arna cheadú ag an Aire, i leith fhostaíocht aon aicme nó aon chatagóire de sheirbhíseach poiblí faoina dtagann an seirbhíseach poiblí

ceadluaite (cibé acu a bheidh an ceadú sin i bhfoirm ceadaithe, i bhfoirm aon chineáil eile cheada nó i bhfoirm toiliú a bheith á thabhairt ag an Aire le haghaidh cinneadh ó dhuine eile sa ní),

neamhneofar an téarma nó an coinníoll.

(5) Aon mhéid a íocfar leis an seirbhíseach poiblí lena mbaineann i gcomhlíonadh airbheartaithe aon téarma nó aon choinníll a neamhneofar faoi fho-alt (4), tabharfar neamhaird air chun críocha aon teideal pinsin (lena n-áirítear teideal i leith cnapshuime nó teideal i leith íocaíochtaí tréimhsiúla pinsin) atá ag an seirbhíseach poiblí sin a ríomh.

(6) I gcás go n-íocfar méid leis an seirbhíseach poiblí lena mbaineann i gcomhlíonadh airbheartaithe aon téarma nó aon choinníll a neamhneofar faoi fho-alt (4)—

(a) sealbhóidh an seirbhíseach poiblí an méid ar iontaobhas don chomhlacht seirbhíse poiblí, agus

(b) gnóthóidh an comhlacht seirbhíse poiblí an méid ón seirbhíseach poiblí, go díreach nó trí asbhaint arna tógáil as an luach saothair is iníoctha ina dhiaidh sin leis an seirbhíseach poiblí nó ar shlí eile.

(7) Ní mheasfar go ndéantar, le fo-ailt (3) agus (6), teorainn a chur le dliteanas aon duine faoi reacht cuntas a thabhairt sa ró-íocaíocht sin.

(8) I gcás nach bhfuil méid lena mbaineann fo-alt (3) nó (6) gnóthaithe ag an gcomhlacht seirbhíse poiblí lena mbaineann, féadfaidh an tAire a ordú i scríbhinn don chomhlacht sin an méid a ghnóthú de réir fho-alt (3)(b) nó (6)(b), de réir mar a bheidh, faoi dháta sonraithe agus, i gcás go mainneoidh an comhlacht sin an méid a ghnóthú amhlaidh, féadfaidh an tAire an méid a asbhaint as aon deontas nó vóta de chuid an chomhlachta sin, nó as aon íocaíocht eile leis, as airgead arna sholáthar go díreach nó go neamhdhíreach ag an Oireachtas nó as an bPríomh-Chiste nó as toradh fáis an Chiste sin.

(9) Tá feidhm ag an alt seo maidir le téarma nó le coinníoll a chomhaontófar tar éis thosach feidhme alt 12 den Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2015.

(10) Tá éifeacht leis an alt seo d'ainneoin na nithe seo a leanas—

(a) aon achtachán eile,

(b) aon scéim pinsean nó aon socrú pinsean,

(c) aon chomhaontú eile nó aon socrú conarthach eile, nó

(d) aon tuiscint, aon ionchas, aon chiorclán nó aon ionstraim nó aon doiciméad eile.

(11) San alt seo—

ciallaíonn “seirbhíseach poiblí” duine atá fostaithe ag comhlacht seirbhíse poiblí, nó a shealbhaíonn aon oifig nó aon phost eile i gcomhlacht seirbhíse poiblí;

ciallaíonn “luach saothair” díolaíochtaí lena mbaineann nó lena bhain Caibidil 4 de Chuid 42 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.”.